Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Nollaig 2019**
**(OR. en)**

**14952/19**

**COEST 281**
**CFSP/PESC 942**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 9 Nollaig 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14636/19 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le beartas Artach an Aontais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le beartas Artach an Aontais, a ghlac an Chomhairle (Gnóthaí Eachtracha) an 9 Nollaig 2019.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le beartas Artach an Aontais**

1. Meabhraíonn an Chomhairle an Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le beartas comhtháite an Aontais Eorpaigh don Artach, a d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach agus an tArdionadaí ar an 27 Aibreán 2016; Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Artach an 20 Meitheamh 2016; chomh maith le Conclúidí ón gComhairle an 12 Bealtaine 2014 maidir le beartas an Aontais Eorpaigh a fhorbairt don Réigiún Artach.

2. Meabhraíonn an Chomhairle Conclúidí ón gComhairle an 19 Samhain 2019 maidir leis na hAigéin agus na Farraigí, lena n-áirítear an tArtach; chomh maith le Conclúidí ón gComhairle an 29 Samhain maidir le Réitigh Spáis d'Artach Inbhuanaithe.

3. Aithníonn an Chomhairle gur ar na Stáit Artacha atá an phríomhfhreagracht maidir leis an Artach a fhorbairt ach measann sí freisin go bhfuil gné dhomhanda ag baint le cuid mhaith de na saincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar an réigiún agus gur féidir díriú orthu ar bhonn níos éifeachtaí trí chomhar réigiúnach nó iltaobhach, tríd an gComhairle Artach go háirithe, agus trí chóras na Náisiún Aontaithe chomh maith. Tugann an Chomhairle dá haire gur cheart don Aontas leanúint de rannchuidiú ar bhealach suntasach leis seo, go háirithe i bhfóraim iltaobhacha agus réigiúnacha a dhéileálann le saincheisteanna Artacha, go háirithe an Chomhairle Artach, an Chomhairle Eora-Artach Barents, Diminsean an Tuaiscirt agus na cláir um chomhar trasteorann sa réigiún agus is díol sásaimh di tionscnaimh agus gníomhaíochtaí an Aontais – amhail an Fóram Artach a tionóladh in Umeå na Sualainne ar an 3 go dtí an 4 Deireadh Fómhair 2019 – agus tionscnaimh agus gníomhaíochtaí Bhallstáit an réigiúin.

4. Tá dul chun cinn á dhéanamh ar na forbairtí san Artach go mear. Ní mór don Aontas Eorpach a áirithiú go gcuirfear na forbairtí ábhartha san áireamh ina chur chuige beartais féin.

5. I bhfianaise na ndúshlán agus na ndeiseanna nua ar fud an Artaigh agus i bhfianaise na spéise idirnáisiúnta méadaithí, tá an Chomhairle ag tnúth go ndéanfar beartas an Aontais Eorpaigh don Artach a thabhairt cothrom le dáta, mar a leagtar amach i dTeachtaireacht Chomhpháirteach 2016 maidir le Beartas Comhtháite an Aontais Eorpaigh don Artach. Iarrann sí ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún – i gcomhréir le roinnt na hinniúlachta idir an tAontas agus na Ballstáit – leanúint den bheartas a chur chun feidhme go gníomhach, próiseas a thionscnamh chun beartas an Aontais don Artach a thabhairt cothrom le dáta agus tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle go rialta.